# Fleadh Cheoil na hÉireann 2013

**Ceist 1** Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi óstú Fhleadh Cheoil na hÉireann na bliana seo chugainn. Sula bhféachann tú ar an tuairisc,déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt:

Cá raibh an fleadh cheoil le dhá bhliain anuas?

Cén t-am den bhliain a bhíonn an fleadh ar siúl?

Ar fhreastail tú féin ar an bhfleadh riamh?

**Ceist 2** Anois gan féachaint ar an mír go foil, déan iarracht na focail Ghaeilge a mheaitseáil leis na focail Bhéarla thíos. Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat.

Application_____Cinneadh

Exploded_____Ard-stiúrthóir

History_____Óstú

Province_____Fiosrú

Director General_____Phléasc

Decision_____Cúige

Inquiry_____Faoi láthair

Sub-committee_____Stair

At the moment_____Iarratas

Host_____Fochoiste

**Ceist 3** Féach ar an mír arís agus abair an bhfuil na frásaí thíos fíor nó bréagach.

1. Áine Ní Ghallchóir ab ainm don tuairisceoir a bhí i nDoire.

Fíor/Bréagach

2. Phléasc dhá bhuama i nDoire an tseachtain seo caite.

Fíor/Bréagach

3. Ceapann Gearóid Ó hEára go bhfuil an ceart ag an gComhaltas sa Tuaisceart diúltú don rud a chur ar aghaidh chuig an Ardchomhairle.

Fíor/Bréagach

4. Tá iarratas istigh ag Sligeach agus Inis chomh maith.

Fíor/Bréagach

5. Tá go dtí deireadh mhí Feabhra ag Doire an t-iarratas a chur ina cheart.

Fíor/Bréagach

**Ceist 4** *'ní **an chomhairle** iomlán…'*

a) An bhfuil an focal 'comhairle' baininscneach nó firinscneach?

b) Cad a tharlaíonn do na focail fhirinscneacha seo nuair a chuirtear an t-alt, 'an' rompu?

*teach, úll, Sáirsint*

Cad a tharlaíonn do na focail bhaininscneacha seo nuair a chuirtear an t-alt, 'an' rompu?

*fuinneog, uair, Seapáin*

c) An bhfuil na hainmfhocail seo baininscneach nó firinscneach dar leat?

1. Fear _____ F/B

2. Bean _____ F/B

3. Sagart _____ F/B

4. Siúir _____ F/B

5. Iníon _____ F/B

6. Mac _____ F/B

7. Gaeilge _____ F/B

8. Múinteoir _____ F/B

9. Sasana _____ F/B

10. Cailín _____ F/B

**Ceist 5** Déan iarracht anois na bearnaí thíos a líonadh leis na focail chearta.

Faoi _____Dhoire chun Fleadh Cheoil na hÉireann a reachtáil ó thuaidh den _____ den chéad uair riamh, bheadh sé ar siúl le linn bhliain Chathair an Chultúr na Ríochta Aontaithe. _____an ceangal leis an Ríocht Aontaithe tá roinnt _____ ina choinne, ach Dé Céadaoin seo caite d'aontaigh _____an Chontae tacú leis an iarratas. An ___dar gcionn phléasc dhá bhuama sa chathair agus _____ dhiúltaigh Comhairle Uladh …

*(lá, siocair, Bord, teorainn, iarratas, ball, aréir )*

**Ceist 6** Pléigh an ráiteas seo sa rang nó mar rún díospóireachta

Ní bheidh síocháin ó thuaidh go deo.

**Treoracha**

**Ceist 1** Bhí an Fleadh i mBaile an Chabháin le dhá bhliain anuas

Is ag deireadh Mhí Lúnasa a reachtaítear an Fleadh de ghnáth

**Ceist 2**

| | |
|---|---|
| Application | Iarratas |
| Exploded | Phléasc |
| History | Stair |
| Province | Cúige |
| Director General | Ard-stiúrthóir |
| Decision | Cinneadh |
| Inquiry | Fiosrú |
| Sub-committee | Fochoiste |
| At the moment | Faoi láthair |
| Host | Óstú |

**Ceist 3** 1. Áine Ní Ghallchóir an t-ainm atá ar an tuairisceoir a bhí i nDoire.

**Fíor**/Bréagach

2. Phléasc dhá bhuama i nDoire an tseachtain seo caite.

**Fíor**/Bréagach

3. Ceapann Gearóid Ó hEára go bhfuil an ceart ag an gComhaltas sa Tuaisceart diúltú don rud a chur ar aghaidh chuig an Ardchomhairle.

Fíor/**Bréagach**

4. Tá iarratas istigh ag Sligeach agus Inis chomh maith.

**Fíor**/Bréagach

5. Tá go dtí deireadh mhí Feabhra ag Doire an t-iarratas a chur ina cheart.

Fíor/**Bréagach**

**Ceist 4** **a)** Tá ‘comhairle’ baininscneach. “An chomhairle” atá ann, le séimhiú.

b.1) An teach, an t-úll, an Sáirsint

b.2) An f**h**uinneog, An uair, An **t**Seapáin

c)

1. Fear **F**/B
2. Bean F/**B**
3. Sagart **F**/B
4. Siúir F/**B**
5. Iníon F/**B**
6. Mac **F**/B
7. Gaeilge F/**B**
8. Múinteoir **F**/B
9. Sasana **F**/B
10. Cailín **F**/B

**Ceist 5** Faoi **iarratas** Dhoire chun Fleadh Cheoil na hÉireann a reachtáil ó thuaidh den **teorainn** den chéad uair riamh, bheadh sé ar siúl le linn bhliain Chathair an Chultúir na Ríochta Aontaithe. **Siocair** an ceangal leis an Ríocht Aontaithe tá roinnt **ball** ina choinne, ach Dé Céadaoin seo caite d’aontaigh **Bord** an Chontae tacú leis an iarratas. An **lá** dar gcionn phléasc dhá bhuama sa chathair agus **aréir** dhiúltaigh Comhairle Uladh …

**Ceist 6** Is féidir an ráiteas a phlé nó é a úsáid mar rún díospóireachta.

**Áine Lally**

Tá Comhairle Uladh de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann cáinte faoi gur dhiúltaigh siad d'iarratas Dhoire, Fleadh Cheoil na hÉireann a reáchtáil sa chathair[1] an bhliain seo chugainn. Deir Comhairle Uladh gur mar gheall ar bhagairt ó easaontóirí poblachtacha a glacadh an cinneadh.

**Áine Ní Ghallchóir**

Faoi iarratas Dhoire chun Fleadh Cheoil na hÉireann a reáchtáil ó thuaidh den teorainn den chéad uair riamh, bheadh sé ar siúl le linn bhliain Chathair an Chultúr na Ríochta Aontaithe. Siocair an ceangal leis an Ríocht Aontaithe tá roinnt ball ina choinne, ach Dé Céadaoin[2] seo caite d'aontaigh Bord an Chontae tacú leis an iarratas. An lá dar gcionn phléasc dhá bhuama sa chathair agus aréir dhiúltaigh Comhairle Uladh den Chomhaltas tacú leis an iarratas siocair an bhagairt ó easaontóirí poblachtacha, a dúirt siad[3]. Tá achomharc déanta anois ag Comhaltas Dhoire

**Gearóid ó hEára**

Níl sé ceart go mbeadh Comhaltas sa[4] tuaisceart ag diúltú rud a chur ar aghaidh chuig an Ardchomhairle. Seo é an chéad uair i stair Comhaltas Ceoltóirí Éireann gur tharla seo, go ndeachaigh Cúige in éadan iarratas a tháinig ó thaobh istigh den Chúige céanna.

**Áine Ní Ghallchóir**

Deir Ard-stiúrthóir an Chomhaltais go bhfuil ceisteanna le freagairt ag Comhairle Uladh maidir le seasamh an chinneadh a ghlac siad nuair a glacadh cinneadh roimhe seo tacú leis an iarratas.

**Labhrás Ó Murchú**

Inné, ní an Chomhairle[5] iomlán a bhí ag teacht le chéile, mar sin[6] tá fiosrú ar siúl cad ina thaobh[7] go ndearna[8] fochoiste de Chomhairle Uladh athrú ar an gcinneadh a bhí déanta go dtí seo.

**Áine Ní Ghallchóir**

Faoi láthair tá iarratas istigh ag Sligeach agus ag Inis i gContae an Chláir chun Fleadh Cheoil na hÉireann a óstú an bhliain seo chugainn. Níl ach go dtí[9] an Satharn seo ag Doire an bealach a réiteach dá n-iarratas sula ndéanfaidh Ardchomhairle Chomhaltas Ceoltóirí Éireann an cinneadh deiridh.

Áine Ní Ghallchóir, Nuacht TG4, Doire.

---

[1] Sa gCathair a deirtear sa mhír
[2] Dé Céadaoine a deirtear
[3] dúradar a deirtear go canúnach
[4] insan a deirtear sa mhír
[5] An comhairle a deirtear
[6] 'so' a deirtear sa mhír
[7] canathaobh a deirtear
[8] 'gur dhein' a deirtear sa mhír. Tá sé seo canúnach
[9] Níl go dtí ach an…a deirtear